



HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

**Treoir maidir leis an
Riosca a Bhaineann
le hObair Aonair a
Bhainistiú in Earnáil
na Sláinte agus an
Chúraim Shóisialta**

Clár na nÁbhar

Réamhrá	04
Dualgais Dhlíthiúla	05
Sainmhíniú ar Oibrithe Aonair	06
Sainaitheint Guaise	07
Rioscaí a Mheasúnú agus a Rialú	08
Oiliúint, Maoirseacht agus Cumarsáid	12
Teagmhais a Bhainistiú	15
Monatóireacht agus Athbhreithniú	16
Aguisín 1: Samplaí de Ghuaiseacha agus de Bhearta Rialaithe Gaolmhara le haghaidh Oibrithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair sa Phobal	17
Aguisín 2: Samplaí de Ghuaiseacha agus de Bhearta Rialaithe Gaolmhara le haghaidh Oibrithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair in Áitribh Shláinte agus Chúraim Shóisialta	20
Aguisín 3: Sampla de Sheicliosta Sábháilteachta le haghaidh Oibrithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair sa Phobal	23
Aguisín 4: Sampla de Sheicliosta Sábháilteachta le haghaidh Oibrithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair in Áitribh Shláinte agus Chúraim Shóisialta	24
Aguisín 5: Foinsí Faisnéise Breise	25

Arna foilsiú i ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

© Gach ceart ar cosaint.



Réamhrá

Meastar sa treirdhoiciméad seo aon fhostaí atá ag obair ina (h)aonar in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta ar féidir cur síos a dhéanamh air/uirthi mar oibrí aonair. Soláthraítear ann comhairle maidir le conas timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chinntiú le haghaidh oibríthe sláinte agus cúraim shóisialta aonair in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta. Úsáidtear an téarma ‘oibrí aonair’ sa doiciméad seo.

Úsáidtear an téarma ‘úsáideoir seirbhíse’ sa doiciméad seo chun cur síos a dhéanamh ar chliant, cónaitheoir, othar nó aon téarma eile a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar dhuine aonair a fhaigheann cúram nó tacaíocht i suíomh sláinte agus cúraim shóisialta.

Baineann sraith rioscaí ar leith le hobair aonair, amháil a bheith ag obair ina (h)aonar sa phobal nó in eagraíocht sláinte nó cúraim shóisialta, rioscaí is gá d’fhostóirí agus d’fhostaithe a bhreithniú mar chuid de bheart bainistíochta riosca.

Ní mór aon ghuaiseacha agus aon rioscaí a bhaineann le hobair aonair a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus plé a dhéanamh orthu idir an lucht bainistíochta agus na fostaithe trí shocruithe comhairliúcháin comhaontaithe. Próiseas atá i gcomhairliúchán óna dteastaíonn tiomantas agus rannpháirtíocht ón lucht bainistíochta agus ó na fostaithe araon.

Níl sé i gceist go bhfuil an doiciméad seo mar mhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht.



Dualgais Dhlíthiúla

Ceanglaítear leis an dlí ar fhostóirí aon rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu sula gceadófar d'fostaithe oibriú ina n-aonar.

Ceanglaítear le hAlt 19 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar fhostóir measúnú riosca a dhéanamh agus cinnfear leis an measúnú riosca sin cibé acu an bhféadfaidh fostaí a bheith ag obair ina (h)aonar nó nach bhféadfaidh. Dá bhrí sin, de ghnáth, ní mór d'fhostóir a mheas cibé acu an bhfuil fostaí i mbaol i bhfad níos airde agus é/í ag obair ina (h)aonar.

Tá fostóirí freagrach as sláinte, sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe go léir dá gcuid. Tá freagrachtaí orthu as sláinte agus sábháilteacht na ndaoine a bhfuil tionchar gníomhaíochtaí oibre orthu, lena n-áirítear cuairteoirí ar aon áitreabh faoina gcúram agus aon daoine féinfhostaithe arna bhfostú acu.

Ní féidir na freagrachtaí sin a aistriú chuig aon duine eile, lena n-áirítear chucu siúd atá ag obair ina n-aonar. Tá sé de dhualgas ar fhostóir rioscaí d'oibrithe aonair a mheasúnú agus bearta a dhéanamh chun na rioscaí sin a sheachaint nó a rialú nuair is gá.

Tá freagrachtaí ar fhostaithe, faoi Alt 13 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 as aire réasúnta a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile a bhfuil tionchar a ngníomhaíochtaí oibre orthu agus comhoibriú lena bhfostóirí chun cur ar chumas an fhostóra reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar fhostaithe:

- uirlisí agus trealamh eile a úsáid go cuí i gcomhréir le aon treoracha sábháilteachta ábhartha agus oiliúint a tugadh dóibh;
- a chinntiú nach bhfuil siad faoi thionchar aon mheiscigh sa mhéid go bhféadfaidís a bheith ina mbaol dóibh féin nó do dhaoine eile ag an obair;
- gan gabháil d'iompar míchuí nó d'iompar eile ar dócha go gcuirfeadh sé iad féin nó daoine eile i mbaol;
- freastal ar aon oiliúint nó í a chur i gcrích atá aitheanta ag a bhfostóir a bhaineann lena sábháilteacht, a sláinte agus a folláine ag an obair mar oibrí aonair; agus
- tuairisciú ar aon obair a dhéantar ar shlí a fhéadfaidh sábháilteacht agus sláinte a chur i mbaol, chomh maith le tuairisciú ar aon lochtanna san ionad oibre, trealamh agus córais oibre a d'fhéadfadh sábháilteacht agus sláinte a chur i mbaol.



Sainmhíniú ar Oibrithe Aonair

Chun críche na treorach seo, aicmítear daoine a oibríonn ina n-aonar gan dhlúthmhaoirseacht nó maoirseacht dhíreach mar oibrithe aonair. Áirítear le hoibrithe aonair iad siúd a oibríonn ina n-aonar san ionad oibre nó ar leithlis lasmuigh de láthair. Tá samplaí d'oibrithe aonair le feiceáil thíos.

Tá oibrithe aonair i ngach earnáil den tsláinte agus den chúram sóisialta agus tá siad le fáil i measc na ndaoine:

- a n-oibríonn ina n-aonar ag bunáit sheasta e.g., ball foirne den riarachán a oibríonn ina (h)aonar i suíomh cúraim sláinte; fostaí gurb é/í an ball foirne amháin a oibríonn i dteach pobail a thacaíonn le húsáideoir(i) seirbhíse;
- a oibríonn ar leithligh ó dhaoine eile laistigh d'áitreabh nó i gcuid iargúlta d'áitreabh e.g., oibrí cothabhála a oibríonn in áit iargúlta nó póirtéir a oibríonn i gcuid iargúlta d'ospidéal;
- a n-oibríonn lasmuigh dá mbunáit sheasta ar feadh aon tréimhse ama e.g., slándálaí ar patról ar fhearann ospidéil; oibrí aonair a thacaíonn le húsáideoir seirbhíse ar turas sa phobal; gairmí sláinte agus cúraim shóisialta, altra, dochtúir nó oibrí tacaíochta baile a oibríonn sa phobal;
- a n-oibríonn ina n-aonar lasmuigh de ghnáthuaireanta e.g., dochtúir ar ghlaodhualgas; tiománaí otharchairr nó teicneoir a n-oibríonn ina (h)aonar i saotharlann ina soláthraítear seirbhís lasmuigh de ghnáthuaireanta;
- a dtaistealaíonn le linn oibre ina n-aonar nó ag an am céanna a thionlacann siad úsáideoir(i) seirbhíse nó atá siad in éineacht leo mar chuid dá n-obair e.g., altra sláinte poiblí; altra ar dhualgas tionlacain, oibrí cúraim sláinte a thugann úsáideoir seirbhíse chuig coinne; nó
- a oibríonn i gceantair thuaithe, iargúlta nó scoite amach e.g., gairmí sláinte nó cúraim shóisialta a oibríonn in ionad sláinte nó i mol pobail i sráidbhaile.





Sainaithint Guaise

Féadfaidh oibrithe aonair a bheith gan chosaint ar ghuaiseacha amhail foréigean agus ionsaitheacht. Áirítear leis sin mí-úsáid chorpartha agus íde béil agus iompar dúshlánach arna ndéanamh ag úsáideoirí seirbhísí a bhfuil riosca don fhoireann ag baint leo.

Ní mór d'fhostóirí oibrithe aonair dá gcuid a shainaithint agus ceisteanna a chur amhail:

- An bhfuil riosca speisialta ann san ionad oibre maidir le hoibrí aonair?
- An bhfuil substaint ghuaiseach nó próiseas ann atá mí-oiriúnach d'obair aonair? E.g., obair i spás cúng ardriosca?
- An bhfuil riosca foréigin ann?
- Ar breithníodh rioscaí síceolaíocha (a bhaineann le strus oibre nó le meabhairshláinte) ar féidir leo eascairt as obair aonair, go háirithe an gá le maolú in aghaidh riosca uaignis, droch-chaidreamh agus easpa tacaíochta?
- An bhfuil oibrithe óga, oibrithe scothaosta, oibrithe torracha nó oibrithe faoi mhíchumas i mbaol ar leith agus iad ag obair ina n-aonar?
- An bhfuil aon chúiseanna eile ann go bhféadfaidh duine aonair, e.g., duine faoi oiliúint, gníomhaireacht nó oibrí sealadach, a bheith níos leochailí ná daoine eile?
- Cén oiliúint atá riachtanach don oibrí chun obair a dhéanamh slán sábháilte ina (h)aonar agus ar cuireadh an oiliúint sin ar an oibrí? Ar sainaithníodh riachtanais oiliúna sa bhreis?
- Ar breithníodh taithí an oibrí roimhe seo maidir lena ról agus le hobair aonair agus riachtanais oiliúna agus mhaoirseachta á measúnú?
- Murab é an Béarla teanga dhúchais an oibrí aonair, an bhfuil socruithe oiriúnacha i bhfeidhm chun cumarsáid shoiléir a chinntiú, go háirithe i gcás éigeandála?
- An bhfuil gnéithe cultúrtha ábhartha ann ar gá leo a mheas agus plé a dhéanamh orthu leis an oibrí aonair?





Rioscaí a Mheasúnú agus a Rialú

Cad is gá d'fhostóirí a dhéanamh chun tacú le hoibrithe aonair?

(a) Measúnú riosca a dhéanamh:

Ní mór d'fhostóirí na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann roimh oibrithe aonair a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil bearta i bhfeidhm chun rioscaí den sórt sin a sheachaint nó a rialú.

Nuair a léirítear leis an measúnú riosca nach féidir le hoibrí aonair obair a dhéanamh go sábháilte, ní mór socruithe malartacha a dhéanamh. Ní mór an próiseas bainistíochta riosca agus na measúnuithe riosca a áireamh sa Ráiteas Sábháilteachta don tseirbhís sin.

Ní mór comhairliúchán agus rannpháirtíocht fostaithe a áireamh sa phróiseas measúnaithe riosca. Más gá, ní mór seirbhísí duine inniúil a lorg maidir le bearta cosanta agus coisctheacha a fhorbairt (e.g. oiliúint chuí agus bearta slándála a shainaithint).

Ní mór do mheasúnuithe riosca:

- guaiseacha suntasacha a shainaithint;
- an grúpa sonrach d'fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta a shainaithint ar dócha go mbeadh tionchar air;

- na bearta rialaithe a shainaithint atá i bhfeidhm cheana;
- a chinneadh an bhfuil na bearta rialaithe sin leordhóthanach chun riosca a rialú ar bhealach sásúil;
- aon bhearta rialaithe riachtanacha sa bhreis a shainaithint agus a chinntiú go gcuirtear bearta rialaithe chun feidhme;
- aon tascanna a shainaithint atá ródheacair nó róchontúirteach le críochnú ag oibrí aonair ionas gur féidir iad siúd a sheachaint;
- na tacaíochtaí a shainaithint a theastaíonn ó oibrithe aonair chun obair a dhéanamh ina n-aonar go sábháilte ó thaobh dearcadh fisiceach agus síceolaíoch de;
- a bheith doiciméadaithe, sínithe agus dátaithe; agus
- a bheith faoi athbhreithniú go tréimhsiúil agus i gcomhthéacs aon teagmhas tuairiscithe, nó má tá athrú suntasach tagtha ar an obair nó má tá aon chúis ann lena mheas nach bhfuil an measúnú bunaidh bailí níos mó.

Sula n-oibríonn duine ina (h)aonar i dteach úsáideora seirbhíse, is gá measúnú a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir an obair a dhéanamh slán sábháilte, lena n-áirítear an riosca iompar dúshlánach agus an riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí maidir le daoine a bhogadh agus a láimhseáil.

Ní mór d'fhostóirí oibrithe aonair:

- oibrithe aonair nó ionadaithe dá gcuid a tharraing isteach agus an próiseas measúnaithe riosca á dhéanamh;
- a chinntiú go gcuirtear guaiseacha, dochar a d'fhéadfadh a bheith ann agus réamhchúraim arna gcinneadh ag an measúnú riosca in iúl do na hoibrithe aonair atá páirteach;
- bearta a dhéanamh chun a sheiceáil go bhfuil bearta rialaithe i bhfeidhm; agus
- a chinntiú sa chás go n-oibríonn oibrí aonair ag ionad oibre fostóra eile, go bhfuil comhoibriú idir na fostóirí faoi seach ionas go bhfuil a fhios ag an oibrí aonair faoi aon rioscaí agus faoi na bearta rialaithe riachtanacha san ionad oibre.

Riochtaí Sláinte:

- Féadfaidh comhairle maidir le sláinte cheirde a bheith riachtanach d'fhostaithe a bhfuil riocht sláinte acu a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol níos mó agus iad ag obair ina n-aonar. In aon mheasúnú, ba cheart breithniú a dhéanamh ar ghnáthobair agus ar chásanna éigeandála intuairtha. Cuirfidh sé sin ar chumas an fhostóra a chinntiú gur féidir na bearta rialaithe cuí a chur i bhfeidhm.

Measúnú riosca dhinimiciúil ar fhoréigean agus ar ionsaitheacht:

- Is éard atá i measúnú riosca dhinimiciúil ná an próiseas chun rioscaí agus guaiseacha sa timpeallacht oibre a scrúdú go leanúnach agus anailís a dhéanamh orthu.
- Trí thuiscint ar fhachtóirí riosca dhinimiciúil cabhraítear le tuartha gearrthéarmacha agus tá ról tábhachtach ag an tuiscint sin maidir le riosca a bhainistiú go gníomhach. Má mhéadaítear an riosca le linn an phróisís sin, is féidir leis an oibrí aonair cinneadh a dhéanamh an leanfar leis an obair, nó an éireoidh sé/sí aisti.
- Is é an aidhm an fostaí a chur ar an eolas faoin timpeallacht agus faoi na cásanna a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ionas go ndéanfaidh sé/sí gníomh chun é/í féin a bhaint má mhéadaítear an riosca.
- Is féidir fostaithe a chur faoi oiliúint chun an baol maidir le hionsaitheacht a shainiú agus iad féin a bhaint ó bhaol sula dtarlaíonn sé.



(b) Bearta rialaithe a shainnithint agus a chur chun feidhme chun sábháilteacht fostaí a chinntiú:

Chun sábháilteacht oibrí aonair a dhaingniú, cinnfidh fostóir, tar éis measúnú riosca, na bearta rialaithe is cuí i gcomhairle le fostaithe. Ba cheart na bearta rialaithe seo a leanas a mheas, nuair is cuí don riosca:

- scileanna oibrí aonair a mheaitseáil le riachtanais tacaíochta úsáideora seirbhíse;
- na tacaíochtaí a chuirfear i bhfeidhm don oibrí aonair a shainnithint. Áirítear leis sin comhaontú maidir le conas teagmháil a choimeád le hoibrithe aonair, conas dul i gcomhairle le hoibrithe aonair maidir lena sláinte, a sábháilteacht agus a folláine agus conas tacú le caidrimh san ionad oibre idir an t-oibrí aonair, comhghleacaithe dá c(h)uid agus a b(h)ainisteoir líne;
- nuair atá fáil uirthi, soláthair stair úsáideora seirbhíse d'oibrithe aonair roimh an gcuairt, lena n-áirítear aon fhaisnéis chúlra ábhartha, e.g., faisnéis faoi iompair fhéideartha, eispéiris tuairiscithe ó chuirteanna roimhe seo agus faisnéis faoin gceantar. Má tá an riosca do-ghlactha, aithin rialuithe cuí breise, e.g., an t-úsáideoir seirbhíse ag teacht go hionad oibre nó ag tabhairt cuairt i mbeirteanna;
- trealamh teagmhála éigeandála a sholathar d'oibrithe aonair chomh maith le haon fheistí sábháilteachta a dteastaíonn uathu e.g., fóin phóca lena n-áirítear códfhocail éigeandála, uimhreacha meardhailithe le haghaidh teagmhálaithe éigeandála agus seirbhísí éigeandála, agus aláraim éigeantais;
- córas a chur i bhfeidhm d'oibrithe aonair chun a mbunáit sheasta (nó teagmhálaí) a chur ar an eolas faoi ainmneacha na n-úsáideoirí seirbhíse, seoltaí na suíomhanna seachtracha a dtabharfar cuairt orthu agus an sceideal maidir le hamanna teachta/imeachta;
- nósanna imeachta a chur i bhfeidhm d'fhostaithe ionas gur féidir leo glooch a chur ar a mbunáit sheasta (nó teagmhálaí) ag amanna comhaontaithe;
- plean gníomhaíochta éifeachtach a bheith i bhfeidhm sa chás nach dtagann an t-oibrí aonair ar ais in am nó nach gcuireann sé/sí glooch ag amanna comhaontaithe, e.g., iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leis an oibrí aonair, bainisteoir sinsearach a chur ar an eolas nó teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí;
- pleananna a fhorbairt chun dul i ngleic le héigeandálaí a thagann chun cinn amhail i gcás ina bhfuil an riosca maidir le foréigean agus ionsaitheacht a bhaineann leis an obair ag géarú, i gcás ina n-éiríonn oibrí aonair breoite nó i gcás timpiste;
- nós imeachta oibre sábháilte a bhunú chun cur ar chumas oibrí aonair éirí as cuairt nó as cás láithreach agus tuilleadh cúnaimh nó comhairle a lorg má mhothaíonn sé/sí go bhfuil sé/sí faoi bhagairt nó i mbaol ar bhealach ar bith;
- triail a bhaint as aon phleananna nó nósanna imeachta éigeandála nó freagartha agus iad a chleachtadh chun a dheimhniú go bhfuil na socruithe atá i bhfeidhm éifeachtach agus chun sainnithint aon athruithe a cheadú;
- athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe slándála an fhoirgnimh ina bhfuil oibrí aonair; agus
- a chinntiú go bhfuil na feithiclí a sholáthraítear ródacmhainneach agus go gcoimeádtar i gcaoi mhaith iad.

Is féidir le hoibrithe aonair a oibríonn lasmuigh dá mbunáit an riosca dá sláinte agus dá sábháilteacht trí na nithe seo a leanas:

- a chinntiú go bhfuil a fhios ag an mbunáit nó ag an teagmhálaí faoina sceideal oibre agus faoina sonraí teagmhála;
- an chuairt a phleanáil agus measúnuithe riosca agus faisnéis faoi na rioscaí do shláinte agus do sábháilteacht a athbhreithniú, e.g., faisnéis ó fhoinsé atreoraithe;
- taithí a bheith acu ar gach feiste chumarsáide chun staid éigeandála a chur in iúl agus tuiscint iomlán ar an tseirbhís a thacaíonn leis an bhfeiste agus ar na beartais nach mór cloí leo ionas go bhfuil an tseirbhís éifeachtach;
- comhoibriú leis an oiliúint arna soláthar ag an bhfostóir;
- a bheith san airdeall ar a dtimpeallacht,
- a bheith aireach agus iad ag teacht isteach i suíomh seachtrach agus imeacht láithreach má tá aon fhianaise ar bhagairt or ar cheist sábháilteachta a fhéadfaidh staid chontúirteach a dhéanamh, e.g., argóintí nó iompar mí-úsáideach;
- tuairisciú ar aon lochtanna san ionad oibre, trealamh agus córais oibre a d'fhéadfadh sábháilteacht agus sláinte a chur i mbaol
- tuairisciú ar aon ábhair imní maidir le sláinte agus sábháilteacht, guaiseacha, teagmhais nó neasteagmhais i gcomhréir le nósanna imeachta áitiúla;
- sealanna déanacha oibre a sheachaint agus iad ag taistil achair fhada más féidir de réir an riosca maidir le tuirse agus iad ag tiomáint abhaile; agus
- feithiclí a choimeád i gcaoi mhaith (tuairisciú ar lochtanna gan mhoill más feithicil oibre í) agus a chinntiú go bhfuil a dóthain breosla inti le haghaidh an turais.



Oiliúint, Maoirseacht agus Cumarsáid

Ní mór taithí leordhóthanach a bheith ag oibríthe aonair agus tuiscint iomlán a bheith acu ar na rioscaí agus ar na réamhchúraim is gá dóibh a dhéanamh. Ba cheart d'fhostaithe teorainneacha a shocrú maidir leis an méid is féidir a dhéanamh agus fostaí ag obair ina (h)aonar agus nach féidir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil a n-oibríthe aonair inniúil chun déileáil le cásanna atá intuartha ach nach gnáthchásanna iad agus go bhfuil nósanna imeachta soiléire maidir leis sin i bhfeidhm, e.g., conas freagairt do staid ionsaitheach agus cathain ba cheart obair a stopadh agus comhairle a lorg ó mhaoirseoir.

Tá tábhacht ar leith ag baint le hoiliúint nuair atá maoirseacht teoranta ann chun rialú, treorú agus cabhair i staideanna neamhchinnteachta. Féadfaidh oiliúint a bheith ríthábhachtach chun scaoll ar dhaoine a sheachaint i staideanna neamhghnácha. Níl comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu ag oibríthe aonair chun tacú leo go díreach agus mar sin féadfaidh oiliúint sa bhreis a bheith ag teastáil, lena n-áirítear sula dtosaíonn an duine ag obair ina (h)aonar. Ba cheart go mbeadh oiliúint ábhartha don obair a dhéantar.

Sula dtosaíonn oibríthe ag obair ina n-aonar, cinntigh go bhfuil siad:

- inniúil chun déileáil le riachtanais an phoist;
- inniúil maidir le rialuithe sláinte agus sábháilteachta a chur chun feidhme;

- oilte go hoiriúnach in úsáid aon trealaimh nó réiteach teicniúil arna soláthar; agus
- in ann cathain ba cheart gníomh a dhéanamh a aithint; áirítear le gníomh comhairle a lorg nó imeacht ón ionad oibre má tá bagairt thromchúiseach nó garbhagairt ann dá sláinte agus dá sábháilteacht.

Áirítear leis an bhfaisnéis, an treoir agus an oiliúint a sholáthraítear d'oibríthe aonair (gan a bheith teoranta dóibh) na nithe seo a leanas:

- nósanna imeachta garchabhrach;
- nósanna imeachta éigeandála agus úsáid na bhfeistí sábháilteachta;
- oiliúint maidir le rialú ionfhabhtuithe;
- oiliúint maidir le feasacht chultúrtha/cumas cultúrtha;
- oiliúint maidir le láimhsiú agus daoine a bhogadh agus a láimhseáil;
- oiliúint maidir le hidirghabháil sábháilteachta (lena n-áirítear cosc, scileanna díghéaraithe agus idirghabhálacha); agus
- aon oiliúint ábhartha eile maidir le cosc agus bainistíocht ionsaitheachta agus foréigin.

Ba cheart oiliúint d'oibrithe aonair a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca agus a bheith sonraithe sa Ráiteas Sábháilteachta/sa mheasúnú riosca agus in aon BNPT (beartas/nós imeachta/prótacal/treoirlíne) ábhartha eile don eagraíocht sin.

Aon taithí roimhe seo a mheas mar chuid de mheasúnú ar chumas an oibrí chun obair a dhéanamh ina (h)aonar. Níor cheart d'oibrithe obair a dhéanamh ina n-aonar go dtí go gcuirfí oiliúint orthu maidir leis an tasc oibre nó an staid go sásúil, go dtí go gcuirfí oiliúint orthu i sábháilteacht phearsanta agus in úsáid na bhfeistí oibrí aonair agus go dtí go bhfuil na scileanna agus an inniúlacht acu chun obair a dhéanamh ina n-aonar.

Tá breithniú sa bhreis ag teastáil d'oibrithe aonair nach í an Béarla a dteanga dhúchais. Beidh gá le hoiliúint (lena n-áirítear oiliúint ionduchtúcháin) a sheachadadh i bhfoirm, bealach agus teanga a thuigfidh oibrithe nach í an Béarla a dteanga dhúchais. A chinntiú go dtuigeann oibrithe aon treoir agus aon fhaisnéis a dtugtar dóibh maidir le rioscaí, conas na rioscaí sin a bhainistiú agus aon réamhchúraim is gá leo a dhéanamh.

Is éard atá i bhfeasacht chultúrtha ná go dtuigtear go bhfuil tionchar ag gnéithe cultúrtha ar chreidimh, luachanna agus iompar duine (An Ghníomhaireacht um Thaighde Cúraim Sláinte agus Cáilíocht (AHRQ), 2020). In Éirinn, aithnítear le feasacht chultúrtha go bhfuil pobal úsáideoirí seirbhíse atá níos éagsúla ná riamh ann a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Tá feasacht chultúrtha barrthábhachtach chun cur ar chumas an oibrí aonair eolas ábhartha ó thaobh cultúir de a úsáid chun dea-chaidrimh a fhorbairt agus cúram agus tacaíocht a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse aonair ar an mbealach is cuí. Ba cheart gnéithe cultúrtha ábhartha a mheas agus an measúnú riosca á chríochnú.

Is féidir le fostóirí tacú lena bhfoireann agus le haon oibrithe aonair chun cumas cultúrtha a fhorbairt trí sholáthar oiliúna cuí.

Braitheann an méid maoirseachta atá riachtanach d'oibrithe aonair ar na rioscaí atá ann agus ar an taithí roimhe seo atá ag an oibrí aonair chomh maith le measúnú ar a c(h)umas ar leith chun rioscaí ábhartha a shainiú agus a bhainistiú. Is cinneadh an lucht bainistíochta é an leibhéal maoirseachta atá ag teastáil ba cheart a bhunú ar thorthaí an mheasúnaithe riosca. Dá airde an leibhéal riosca agus dá laghad an taithí atá ag an duine aonair is ea is mó an gá le maoirseacht. Is gá oibrithe nua, oibrithe faoi oiliúint nó iad siúd ag fanacht léi sin nó oibrithe atá nua don tasc nó don staid a thionlacan ar dtús.

Féadfaidh cumarsáid agus maoirseacht a bheith ina gcineálacha éagsúla lena n-áirítear ar a laghad:

- cuairteanna ar bhonn tréimhsiúil ó mhaoirseoirí;
- modh comhaontaithe teagmhála rialta idir oibrí aonair agus an maoirseoir
- úsáid na réiteach teicneolaíochta cuí lena n-áirítear feistí sábháilteachta a thugann foláireamh i gcás éigeandála;
- córas chun a chinntiú go bhfuil síniú curtha ag oibrithe aonair ag deireadh a dtasc; agus
- nósanna imeachta atá le leanúint i gcás éigeandála.

Is gá socruithe cumarsáide agus maoirseachta a chur ar bun agus a thástáil. A chinntiú go bhfuil socruithe cumarsáide cuí i bhfeidhm do theagmháil rialta agus i gcás éigeandála. A chinntiú go bhfuil a fhios ag oibrithe aonair conas aon ábhair imní sláinte agus sábháilteachta a tharraingt anuas. A chinntiú go n-aithnítear le nósanna imeachta éigeandála go soiléir na bearta a dhéanamh i gcás éigeandála agus an duine ceart lena ndéantar teagmháil. A chinntiú go bhfuil a fhios ag gach ball foirne sláinte agus cúraim shóisialta faoina bhfreagrachtaí i gcásanna éigeandála.

Ba cheart nósanna imeachta soiléire a bheith ann maidir le faisnéis a chomhroinnt le comhghleacaithe faoi úsáideoirí seirbhíse ionsaitheacha nó faoi dhaoine eile a d'fhéadfadh a bheith ann le linn cuairte. Ba cheart a chur san áireamh leis sin an méid ba cheart a cur in iúl agus conas é sin a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt don reachtaíocht ábhartha a chosnaíonn iad siúd ag an obair agus iad siúd a fhaigheann cúram. Ba cheart faisnéis atá ag teastáil ó oibrithe aonair a sholáthar dóibh faoi na rioscaí maidir le hiompar ionsaitheach nó foréigneach ag úsáideoirí seirbhíse nó ag daoine eile a fhéadfaidh a bheith ann agus faoi na bearta cuí chun na rioscaí sin a rialú.





Teagmhais a Bhainistiú

Tá tionchar díreach ag teagmhais a tharlaíonn i staideanna oibre aonair, cé acu a mbaineann ionsaithe, goid nó damáiste coiriúil do mhaoin leo, ar an oibrí aonair. Ba cheart bearta a bheith i bhfeidhm ag fostóirí chun tacú le haon oibrí aonair nó le haon bhall foirne eile atá páirteach sa fhreagairt agus a d'fhulaing teagmhas mí-úsáideach nó foréigneach. D'fhéadfaí faisnéisiú tar éis teagmhais, rochtain ar shláinte cheirde, tacaíocht shíceolaíoch, seirbhísí comhairleoireachta, tacaíocht iarthráma agus piarthacaíocht a áireamh leo sin. Ba cheart go mbeadh a fhios ag fostaithe conas rochtain a fháil ar na seirbhísí sin.

Ní mór córas a bheith i bhfeidhm ag fostóirí chun tuairisciú ar theagmhais agus fiosrú a dhéanamh orthu a raibh fadhb shláinte agus shábháilteachta d'oibrí aonair mar thoradh orthu nó a bhféadfadh sí a bheith mar thoradh orthu. Cabhraíonn tuairisciú ar gach teagmhas le fostóirí agus le fostaithe eolas a fháil maidir le ceisteanna sábháilteachta san ionad oibre, fadhbanna a shainnithint de réir mar a thagann siad chun cinn agus dul i ngleic leo.

Cabhraíonn tuairisciú agus fiosrú ar theagmhais le fostóirí a thuiscint cén fáth ar tharla teagmhais, cinntí a dhéanamh agus tosaíochtaí a leagan síos. Ba cheart córais a bheith i bhfeidhm le haghaidh anailíse ar theagmhais mar go gcabhraíonn siad sin le fostóirí monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar cheisteanna sábháilteachta, guaiseacha agus rioscaí a shainnithint nár tugadh faoi deara cheana agus nósanna imeachta sábháilteachta nua maidir leis an obair nó straitéisí coisc a athbhreithniú nó a fhorbairt.

I gcás nach bhfuil an fostaí in ann a gcuid gnáthoibre a dhéanamh ar feadh níos mó ná trí lá i ndiaidh a chéile, de bharr timpiste san ionad oibre, ní mór don fhostóir a chinntiú go dtuairiscítear é sin don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar líne nó trí úsáid fhoirm IR1 atá ar fáil ón Údarás.



Monatóireacht agus Athbhreithniú

Ba cheart d'fhostóirí córas a bheith acu chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na socruithe atá i bhfeidhm d'oibríthe aonair. Ba cheart achoimre a bheith ar na socruithe sin i mbeartas maidir le hobair aonair agus a bheith sainiúil don tseirbhís/don tsaoráid lena mbaineann siad.

Tá córas iniúchóireachta ar cheann de na samplaí de mheicníocht éifeachtach chun aon réimsí a shainnithint a bhfuil feabhas nó ceartú ag teastáil uathu. Tá córais iniúchóireachta a chuireann agallaimh le hoibríthe aonair san áireamh an-éifeachtach. Ba cheart aon oiliúint athnuachana atá ag teastáil a bhreithniú sna hiniúchóireachtaí.

Modh eile is ea é na céimeanna tosaigh tógtha a leanúint chun guaiseacha a shainnithint, rioscaí a mheas agus rialuithe a fhorbairt chun a sheiceáil gur cuireadh rialuithe chun feidhme agus go bhfuil siad éifeachtach. Ní mór comhairliúchán le hoibríthe aonair agus le hionadaithe sábháilteachta a bheith mar chuid den phróiseas sin chun measúnú cuí a dhéanamh cé acu is leor na rialuithe fós. Cuirtear feabhsuithe chun feidhme ina dhiaidh sin chun aghaidh a thabhairt ar aon réimsí a bhfuil aird ag teastáil uathu.

Dá thromchúisí an riosca is ea is minice na hathbhreithnithe ba cheart a dhéanamh ar na rialuithe. Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme córas sábháilte oibre chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad go héifeachtúil.



Aguisín 1

Samplaí de Ghuaiseacha agus de Bhearta Rialaithe Gaolmhara le haghaidh Oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair sa Phobal

Tá roinnt samplaí de ghuaiseacha agus de bhearta rialaithe gaolmhara d'oibríthe aonair sa phobal le fáil thíos a fhéadfaidh cabhrú leis an bpróiseas measúnaithe riosca. Tabhair faoi deara nach liosta iomlán é seo.

Guais	Bearta Rialaithe Féideartha
<p>Easpa Líonra Tacaíochta</p> <p>Ba cheart líonra tacaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go soláthrófaí tacaíocht ó chomhghleacaithe agus óna m(h)aoirseoir don oibrí aonair.</p>	<p>Comhaontú maidir le conas teagmháil a choimeád le hoibríthe aonair lena n-áirítear conas a bheidh siad rannpháirteach i gcruinnithe foirne, imeachtaí foirne agus gníomhaíochtaí sóisialta.</p> <p>Ba cheart socrú maoirseachta a bheith i bhfeidhm a n-áirítear leis socruithe cumarsáide agus socruithe chun teagmháil rialta a éascú idir an t-oibrí aonair agus a m(h)aoirseoir.</p> <p>Socruithe chun comhairliúchán a cheadú le hoibríthe aonair maidir le haon chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, deiseanna le hábhair inní a ardú, aon cheisteanna a phlé nó dul i gcomhairle maidir le haon athruithe molta.</p>
<p>Iompar Cliseadh.</p> <p>Briste isteach.</p>	<p>Feithiclí le seiceáil, le cothabháil agus le seirbhísiú i gcomhréir le sceideal an déantóra.</p> <p>Bonn spártha dleathach agus inúsáidte, seac agus uirlisí chun bonn a athrú agus fón póca chun glaoch a chur ar chúnamh a iompar.</p> <p>A chinntiú nach bhfuil earraí luachmhara agus rudaí eile a d'fhéadfadh aird a mhealladh amhail cógais le feiceáil inti (drugaí rialaithe i dtaisce de réir na gceanglas san Acht um Mí-Úsáid Drugaí).</p> <p>Fón póca chun glaoch a chur ar chúnamh.</p>

Guais	Bearta Rialaithe Féideartha
<p>Daoine Foréigneacha nó Bagracha</p> <p>Féadfar úsáideoirí seirbhíse, páirtithe, gaolta agus cairde a áireamh leis sin.</p>	<p>Measúnú a dhéanamh ar aon úsáideoir seirbhíse nua chun a chinneadh más féidir le hoibrí aonair an obair a dhéanamh slán sábháilte.</p> <p>Achoimrí ó bhainisteoirí, comhghleacaithe nó gníomhaireachtaí eile ar úsáideoirí seirbhíse, de réir mar is cuí.</p> <p>Oiliúint fhoirmeálta maidir le cosc, scileanna díghéaraithe agus idirghabhálacha ó bhéal agus idirghabhálacha sábháilteachta (lena n-áirítear scileanna ó bhéal, dícheangail agus/nó greamaithe).</p> <p>Comhaontú roimh an gcuairt nach bhfuil duine áirithe i láthair.</p> <p>Dara duine i láthair i gcás ina gcinntear le measúnú riosca é sin (lena n-áirítear i gcás ina ndéileáiltear le hiompar úsáideora seirbhíse dothuartha agus le cásanna a bhfuil stair foréigin acu nó a d'fhéadfadh a bheith foréigeanach nó ionsaitheach).</p> <p>Soláthar réiteach teicneolaíochta cuí lena n-áirítear feistí sábháilteachta.</p> <p>Cuairt a athrú chuig an oifig/an gclinic ina bhfuil daoine eile i láthair.</p>
<p>Ainmhithe ionsaitheacha</p>	<p>Seiceáil le haghaidh eolas comhroinnte maidir le hainmhithe a fhéadfaidh a bheith ina gcúis le deacracht.</p> <p>Socrú roimh an gcuairt go gcuirfear srian daingean ar ainmhí áirithe nuair a thiocfaidh oibrí aonair.</p>
<p>Tús tobann breoiteachta nó timpiste</p>	<p>Fón póca chun glaoch a chur ar chúnamh.</p> <p>Tá oibríthe aonair ar an eolas faoi na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás éigeandála.</p> <p>Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear tús le gníomh sa chás nach ndéanfaidh an t-oibrí aonair teagmháil ag amanna comhaontaithe.</p>

Guais	Bearta Rialaithe Féideartha
<p>Timpeallacht</p> <p>Chomh maith leis na guaiseacha luaithe thuas, féadfar fadhbanna aitheanta, amhail suíomh iargúlta, rochtain dheacair agus deacrachtaí maidir leis an teach a aimsiú, a áireamh le teach an úsáideora seirbhíse agus leis an gceantar máguaird.</p> <p>Ní fhéadfaidh teach an úsáideora seirbhíse a bheith ina áit mhaith le haghaidh gníomhaíochtaí oibre amhail daoine a bhogadh agus a láimhseáil.</p>	<p>Achoimre a thabhairt d'oibrithe aonair ar cheisteanna ábhartha a shainaithin gníomhaireachtaí eile nó tharraing siad anuas.</p> <p>Faisnéis a lorg maidir leis an gceantar roimh an gcuairt.</p> <p>Dara duine i láthair i gcás ina gcinntear le measúnú riosca é sin.</p> <p>Cuairt a athrú chuig an oifig/an gclinic ina bhfuil daoine eile i láthair.</p> <p>Measúnú riosca a dhéanamh agus rialuithe a shainaithint chun an riosca a laghdú.</p>
<p>Easpa Cumarsáide</p> <p>Tá cumarsáid ríthábhachtach ionas go bhfuil daoine eile ar an eolas faoi ghluaiseachtaí oibrí aonair agus chun freagairt mura gcloíonn oibrí aonair lena sceideal. Is féidir tús a chur le cúnamh i gcás nach bhfuiltear ag súil leis.</p>	<p>Soláthar agus úsáid fóin póca.</p> <p>Uimhreacha meardhailithe a stóráil chun glaoch a chur ar chúnamh.</p> <p>Tuairisciú ar ghluaiseachtaí don bhunáit agus gníomhaíochtaí réamhshocraithe i gcás glaonna beartaithe nach bhfreagraítear nó i gcás iarratas ar chúnamh.</p> <p>Córas páirtíochta chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt más gá.</p> <p>Difríochtaí cultúrtha agus bacainní teanga a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint chun eolas a dhéanamh don phróiseas measúnaithe riosca.</p>
<p>Breuiteacht/Riocht Leighis Oibrí Aonair</p>	<p>Féadfaidh comhairle maidir le sláinte cheirde a bheith riachtanach d'fhostaithe a bhfuil riocht sláinte acu a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol níos mó agus iad ag obair ina n-aonar. In aon mheasúnú, ba cheart breithniú a dhéanamh ar ghnáthobair agus ar chásanna éigeandála intuartha. Cuirfidh sé sin ar chumas an fhostóra a chinntiú gur féidir na bearta rialaithe cuí a chur i bhfeidhm.</p>



Aguisín 2

Samplaí de Ghuaiseacha agus de Bhearta Rialaithe Gaolmhara le haghaidh Oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair in Áitribh Shláinte agus Chúraim Shóisialta

Tá roinnt samplaí de ghuaiseacha agus de bhearta rialaithe gaolmhara d'oibríthe aonair in áitreabh sláinte agus cúraim shóisialta le fáil thíos a fhéadfaidh cabhrú leis an bpróiseas measúnaithe riosca. Tabhair faoi deara nach liosta iomlán é seo.

Guais	Beartha Rialaithe Féideartha
Easpa Líonra Tacaíochta Ba cheart líonra tacaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go soláthrófaí tacaíocht ó chomhghleacaithe agus óna m(h)aoirseoir don oibrí aonair.	Comhaontú maidir le conas teagmháil a choimeád le hoibríthe aonair lena n-áirítear conas a bheidh siad rannpháirteach i gcruinnithe foirne, imeachtaí foirne agus gníomhaíochtaí sóisialta. Ba cheart socrú maoirseachta a bheith i bhfeidhm a n-áirítear leis socrúithe cumarsáide agus socrúithe chun teagmháil rialta a éascú idir an t-oibrí aonair agus a m(h)aoirseoir. Socrúithe chun comhairliúchán a cheadú le hoibríthe aonair maidir le haon chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, deiseanna le hábhair imní a ardú, aon cheisteanna a phlé nó dul i gcomhairle maidir le haon athruithe molta.

Guais	Bearta Rialaithe Féideartha
<p>Daoine Foréigneacha nó Bagracha</p> <p>Féadfar úsáideoirí seirbhíse, páirtithe, gaolta agus cairde a áireamh leo siúd a fhéadfaidh a bheith ionsaitheach.</p>	<p>Measúnú a dhéanamh ar aon úsáideoir seirbhíse nua chun a chinneadh más féidir le hoibrí aonair an obair a dhéanamh slán sábháilte.</p> <p>Amanna coinní cuí déanta d'úsáideoirí seirbhíse nua chun obair aonair a sheachaint.</p> <p>Achoimrí ó bhainisteoirí, comhghleacaithe nó gníomhaireachtaí eile ar úsáideoirí seirbhíse, de réir mar is cuí.</p> <p>Tacaíocht slándála a mheas don choinne maidir le húsáideoirí seirbhíse arb eol iad a bheith bagartha/foréigneach.</p> <p>Dara duine i láthair i gcás ina gcinntear le measúnú riosca é sin (lena n-áirítear i gcás ina ndéileáiltear le hiompar úsáideora seirbhíse dothuartha agus le cásanna a bhfuil stair foréigin acu nó a d'fhéadfadh a bheith foréigeanach nó ionsaitheach).</p> <p>Seomra/ceantar cruinnithe cuí a úsáid, e.g., lonnaithe in áit lárnach, painéil amhairc, rochtain éasca ar shlí amach, cnaipe práinne, fón etc.</p> <p>Measúnú riosca sula dtionlactar úsáideoir(í) seirbhíse go ceantair/seirbhísí inmheánacha nó seachtracha.</p> <p>Oiliúint fhoirmeálta maidir le cosc, scileanna díghéaraithe agus idirghabhálacha ó bhéal agus idirghabhálacha sábháilteachta (lena n-áirítear scileanna ó bhéal, dícheangail agus/nó greamaithe).</p> <p>Nós imeachta i bhfeidhm chun tuairisciú ar theagmhas agus gníomhaíocht ina dhiaidh sin.</p> <p>Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun faisnéis chúí a roinnt.</p>

Guais	Bearta Rialaithe Féideartha
<p>Gnásanna Éigeandála</p>	<p>Maidir le hoibríthe aonair agus baill foirne eile a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i bhfreagairt ar staid éigeandála, tá siad oilte agus ar an eolas faoin na nósanna imeachta i gcás éigeandála amhail tine, timpiste, etc.</p> <p>Pleananna éigeandála ar eagla go ndéanann staid in olcas agus go bhfuil foréigean nó ionsaitheacht mar chuid di.</p> <p>Modhanna cumarsáide curtha ar fáil.</p> <p>Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear tús le gníomh sa chás nach ndéanfaidh an t-oibrí aonair teagmháil ag amanna comhaontaithe.</p> <p>Féadfaidh comhairle maidir le sláinte cheirde a bheith riachtanach d'fhostaithe a bhfuil riocht sláinte acu a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol níos mó agus iad ag obair ina n-aonar. In aon mheasúnú, ba cheart breithniú a dhéanamh ar ghnáthobair agus ar chásanna éigeandála intuartha. Cuirfidh sé sin ar chumas an fhostóra a chinntiú gur féidir na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm.</p>
<p>Easpa Cumarsáide</p> <p>Tá cumarsáid rithabhachtach ionas go bhfuil daoine ar an eolas faoi do ghluaiseachtaí, go bhfreagraíonn siad mura gcloíonn tú le do sceideal agus go gcuireann siad tús le cúnamh i gcás nach bhfuiltear ag súil leis.</p>	<p>Córas páirtíochta chun comhthacaíocht agus comhchúnamh a thabhairt e.g., idir bardaí cóngaracha nó ranna trí theagmháil dhíreach, teileafón nó idirchum.</p> <p>Uimhreacha meardhailithe chun glaoch a chur ar chúnamh.</p> <p>Fógra faoi thús agus deireadh oibre aonair agus seiceálacha tréimhsiúla.</p> <p>Feiste shábháilteachta nó aláram práinne chun an ceantar cóngarach, an roinn nó an lucht slándála a chur ar a n-airdeall chomh maith le gníomh comhaontaithe le déanamh agus aláram le tástáil go rialta.</p>
<p>Slándáil</p>	<p>Doirse faoi ghlas chun rochtain neamhúdraithe a chosc.</p> <p>Cianghlais doirse le hidirchum agus/nó le CCTV.</p> <p>Dordánaí/cling chun foláireamh a thabhairt don oibrí aonair gur tháinig duine isteach san fhoirgneamh nó sa roinn, más bainteach.</p> <p>Dordánaí/cling chun cur in iúl nach bhfuil an doras dúnta go hiomlán agus faoi ghlas.</p>



Aguisín 3

Sampla de Sheicliosta Sábháilteachta le haghaidh Oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair sa Phobal

Le tic a chur leis go neamhfhoirmeálta ag an oibrí aonair agus má mheastar go bhfuil aon cheisteanna suntasach, ba cheart plé a dhéanamh orthu siúd leis an mbainisteoir/maoirseoir agus iad a thaifeadh i gcomhréir le nósanna imeachta áitiúla.

1. Ar sheiceáil tú an bhfuil aon fhaisnéis áirithe ann ar gá duit a bheith ar an eolas fúithi roimh do chuairt bheartaithe?
2. An bhfuil aon duine ar an eolas faoin áit a rachaidh tú agus cá fhad a bheidh tú ann?
3. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir le duine tús a chur le gníomh mura bhfilleann tú nó mura dtuairiscíonn tú ar ais ag an am lena bhfuiltear ag súil?
4. Má thagann athrú ar do chúrsa taistil, ar chuir tú é sin in iúl don duine a chuirfeadh tús le gníomh den sórt sin?
5. An ndearnadh tú cinnte gur féidir teagmháil a dhéanamh leat? An bhfuil d'fhón póca luchtaithe?
6. An seachnóidh tú, a mhéid is féidir é, áit nó am ag a bhféadfaidh daoine nó guaiseacha eile a bheith ina gcúis le riosca iomarcach?
7. An bhfuil socruithe déanta le haghaidh taisteal sábháilte?
8. An bhfuil a fhios agat go díreach conas a rachaidh tú?
9. Ar pháirceáil tú in áit dhea-lasta atá inrochtana go héasca ó do cheann scríbe agus, nuair is féidir, trasna ón tslí amach?
10. An bhfuil do chuid éadaí oiriúnach don obair agus don timpeallacht oibre, e.g., gan srian a chur ar ghluaiseacht agus gan a bheith ina riosca maidir le dul i bhfostú nó tachtadh?
11. An bhfuil d'fhón agus d'eochracha ar iompar agat (agus gan a bheith i mála), ionas gur féidir leat iad a fháil go tapa más gá?
12. Ar íoslaghdaigh tú an t-iompar airgid agus earraí luachmhara agus ar chinntigh tú nach bhfuil rudaí a d'fhéadfadh aird a mhealladh amhail cógais le feiceáil?
13. An bhfuil tú ullmhaithe comhairle a lorg, tacaíocht a fháil nó deireadh a chur leis an gcuairt de réir mar is cuí má tá aon ghné den chuairt a chuireann míshuaimhneas ort?
14. An gcuirfidh tú comhghleacaithe agus gníomhaireachtaí eile ar an eolas, chomh luath agus is féidir, faoi aon ghnéithe den chuairt ar gá leo a roinnt i gcomhréir le nósanna imeachta áitiúla?
15. An iompraíonn tú aláram pearsanta nuair atá sé riachtanach?
16. An bhfuil taithí agat ar na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha a bhaineann le hobair aonair?



Aguisín 4

Sampla de Sheicliosta Sábháilteachta le haghaidh Oibríthe Sláinte agus Cúraim Shóisialta Aonair in Áitribh Shláinte agus Cúraim Shóisialta

Le tic a chur leis go neamhfhoirmeálta ag an oibrí aonair agus má mheastar go bhfuil aon cheisteanna suntasach, ba cheart plé a dhéanamh orthu siúd leis an mbainisteoir/maoirseoir agus iad a thaifeadh i gcomhréir le nósanna imeachta áitiúla.

1. Ar sheiceáil tú an bhfuil aon fhaisnéis áirithe ann ar gá duit a bheith ar an eolas fúithi roimh do choinne úsáideora seirbhíse?
2. An bhfuil aon duine ar an eolas go bhfuil tú ag obair i d'aonar agus cá fhad a bheidh tú ann?
3. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir le duine tús a chur le gníomh mura bhfreagraíonn tú glaonna nó mura dtuairiscíonn tú ar ais ag amanna comhaontaithe?
4. Má thagann athrú ar do choinne nó ar do phleananna oibre, ar chuir tú é sin in iúl don duine a chuirfeadh tús le gníomh den sórt sin?
5. An ndearnadh tú cinnte gur féidir teagmháil a dhéanamh leat? Má úsáideann tú fón póca, an bhfuil sé luchtaithe?
6. An bhfuil rialú cuí ar rochtain i bhfeidhm chun a chinntiú nach féidir le daoine neamhúdaraithe teacht isteach gan do chead nó gan d'eolas?
7. An bhfuil tú in ann fios a chur ar chúnaimh agus an bhfuil socruithe déanta chun cur ar chumas daoine sonraithe freastal gan mhoill?
8. An bhfuil do chuid éadaí oiriúnach don obair agus don timpeallacht oibre, e.g., gan srian a chur ar ghluaiseacht agus gan a bheith ina riosca maidir le dul i bhfostú?
9. I gcás éigeandála, an féidir an próiseas a stopadh go sábháilte agus daoine a bhogadh amach más gá?
10. An féidir leat dul chuig d'áit oibre agus filleadh ar do charr, mar shampla, má tá tú ag obair go déanach?
11. Ar sheachain tú nó ar íoslaghdaigh tú an t-iompar airgid agus earraí luachmhara?
12. An bhfuil tú ullmhaithe comhairle a lorg, tacaíocht a fháil nó deireadh a chur leis an gcoinne de réir mar is cuí má tá aon ghné a chuireann míshuaimhneas ort?
13. An gcuirfidh tú comhghleacaithe agus gníomhaireachtaí eile ar an eolas, chomh luath agus is féidir, faoi aon ghnéithe den chuairt ar gá leo a roinnt i gcomhréir le nósanna imeachta áitiúla?
14. An iompraíonn tú aláram pearsanta nuair atá sé riachtanach?
15. An bhfuil taithí agat ar na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha a bhaineann le hobair aonair?



Aguisín 5

Foinsí Faisnéise Breise

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag www.hsa.ie

ARDRIOSCA, OIBRÍ AONAIR: An Riosca Do-Ghlactha. Straub, Fred. Sábháilteacht Ghairmiúil; Des Plaines Iml. 63, Eag. 7, (Iúil 2018): 30-35. Ar fáil ó F1_0718.pdf (assp.org)

Sábháilteacht phearsanta na n-oibríthe aonair a fheabhsú: Treoir d'fhoireann a oibríonn ina haonar,

An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS), 2022. Ar fáil ó Shábháilteacht phearsanta na n-oibríthe aonair a fheabhsú | Fostóirí de chuid NHS

I d'aonar ach sábháilte ag an obair, Comhairle Sábháilteachta na Breataine 2018. Ar fáil ó shábháilteacht oibrí aonair, sláinte agus sábháilteacht, coireacht | www.britsafe.org

Oibríthe Aonair. Déanta ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ar fáil ag www.hsa.ie

Oibríthe aonair a chosaint - Conas na rioscaí maidir le hobair aonair a bhainistiú.

Foilsithe i mí an Mhárta 2020. Déanta ag Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na RA agus ar fáil ar a shuíomh gréasáin www.hse.gov.uk.

An Cur Chuige ROINTE - Bearta a Dhéanamh i dTreo Cumas Cultúrtha: Bileog Eolais.

Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar an ábhar i mí Mheán Fómhair 2020. An Ghníomhaireacht um Thaighde Cúraim Sláinte agus Cáilíocht, Rockville, MD. <https://www.ahrq.gov/health-literacy/professional-training/shared-decision/tool/resource-7.html>

Obair Aonair, Déanta ag Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na RA agus ar fáil ar a shuíomh gréasáin www.hse.gov.uk.

Obair Aonair, WorkSafe Victoria, 2011. Ar fáil ó www.worksafe.vic.gov.au

Obair ag Suíomhanna Seachtracha. Forbartha ag an nGrúpa Tagartha Tionsclaíochta do Sheirbhísí Sláinte agus Pobail WorkCover NSW (New South Wales) agus ar fáil ag www.workcover.nsw.gov.au.



HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

ISBN 978-1-84496-302-7

HSA0527